Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8298/25**

**LIMITE**

**CORLX 390**
**CFSP/PESC 595**
**COMEP 1**
**CSC 191**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 1996, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir a cheapadh.

(2) An 28 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/443[1], lenar ceapadh Luigi DI MAIO ina ISAE le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir. Rachaidh sainordú ISAE in éag an 1 Meitheamh 2025.

(3) Is tosaíocht straitéiseach ag an Aontas réiteach na coinbhleachta idir Iosrael agus an Phalaistín agus ní mór don Aontas leanúint de bheith rannpháirteach go gníomhach go dtí go réiteofar an choinbhleacht sin ar bhonn réiteach an dá stát.

(4) Tá an tAontas tiomanta do shíocháin chuimsitheach bhuan do réigiún an Mheánoirthir ar fad agus tá sé réidh chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun na críche sin.

(5) Ba cheart ISAE le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir a cheapadh ar feadh tréimhse 12 mhí.

[1] Cinneadh (CBES) 2025/443 ón gComhairle an 28 Feabhra 2025 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir (IO L, 2025/443, 3.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/443/oj).



PUBLIC

(6) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

*Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh*

Leis seo, ceaptar Christophe Bigot ina Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir ón 2 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

*Airteagal 2*

*Cuspóirí beartais*

1. Beidh sainordú ISAE bunaithe ar an gcuspóir foriomlán síocháin chóir bhuan agus chuimsitheach don réigiún ina iomláine a bhaint amach ar bhonn réiteach an dá stát, ina mbeidh Iosrael agus Stát Palaistíneach – a bheidh daonlathach, comhtheagmhálach, inmharthanach, síochánta agus ceannasach – ag maireachtáil taobh le chéile laistigh de theorainneacha slána aitheanta, agus gnáthchaidreamh acu lena gcomharsana i gcomhréir leis na Rúin ábhartha 242 (1967) agus 338 (1973) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), agus rúin ábhartha eile á meabhrú di, lena n-áirítear Rún 2334 (2016) ó CSNA, prionsabail Mhaidrid, lena n-áirítear talamh le haghaidh síochána, an Treochlár, na comhaontuithe ar tháinig na páirtithe orthu roimhe seo, an Tionscnamh Síochána Arabach, agus na moltaí a rinne Ceathairéad an Mheánoirthir ('an Ceathairéad') an 1 Iúil 2016. I bhfianaise na ngnéithe éagsúla den chaidreamh idir Iosrael agus na hArabaigh, is cuid ríthábhachtach don tsíocháin chuimsitheach í an ghné réigiúnach;

PUBLIC

2. Agus an cuspóir a leagtar amach i mír 1 á bhaint amach, is iad na tosaíochtaí beartais réiteach an dá Stát a chaomhnú agus an próiseas síochána a athsheoladh agus tacú leis. Tá ról lárnach ag na paraiméadair shoiléire, lena sainítear an bonn a bheidh ag an gcaibidlíocht, le go n-éireoidh leis an gcaibidlíocht agus tá a sheasamh maidir leis na paraiméadair sin leagtha amach ag an Aontas sna Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2009, mí na Nollag 2010 agus mí Iúil 2014, ar conclúidí iad a leanfaidh sé de bheith á gcur chun cinn go gníomhach. Tá an tAontas tiomanta do bheith ag obair leis na páirtithe agus leis na comhpháirtithe sa chomhphobal idirnáisiúnta agus sa réigiún, agus tionscnaimh iomchuí idirnáisiúnta a shaothrú go gníomhach chun dinimic nua a chruthú don chaibidlíocht.

PUBLIC

*Airteagal 3*

*Sainordú*

1. Chun an cuspóir beartais a leagtar amach in Airteagal 2 a bhaint amach, is é an méid seo a leanas a bheidh sa sainordú:

(a) rannchuidiú gníomhach agus éifeachtúil ón Aontas a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh as a dtiocfaidh socrú críochnaitheach ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín bunaithe ar réiteach an dá stát i gcomhréir le paraiméadair an Aontais agus le Rúin ábhartha ó CSNA, lena n-áirítear Rún 2334 (2016) ó CSNA, agus tograí a chur ar aghaidh maidir le gníomhaíocht an Aontais i ndáil leis an méid seo;

(b) dlúth-theagmháil a éascú agus a choinneáil leis na páirtithe uile sa phróiseas síochána, go háirithe le hIosrael agus le hÚdarás na Palaistíne, le gníomhaithe polaitiúla agus tíortha ábhartha an réigiúin, chomh maith leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, mar shampla Léig na Stát Arabach nó Comhairle Comhair na Murascaille, chun obair leo maidir leis an bpróiseas síochána a neartú;

(c) leas a bhaint as an tírdhreach athraitheach réigiúnach sa Mheánoirthear agus go háirithe as normalú an chaidrimh idir Iosrael agus roinnt de na tíortha Arabacha, chun an próiseas síochána a chur chun cinn tuilleadh agus, ar an gcaoi sin, cur leis an gcobhsaíocht réigiúnach;

(d) aird ar leith a thabhairt ar na tosca a dhéanann difear do ghné réigiúnach an phróisis síochána, lena n-áirítear na forbairtí a bhaineann leis an gcoinbhleacht in Gaza agus sa réigiún tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla agus neamh-idirdhealaitheacha a rinne Hamas i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, ar an idirphlé le comhpháirtithe Arabacha agus ar chur chun feidhme an Tionscnaimh Síochána Arabaigh;

(e) tacú go gníomhach le caibidlíocht síochána idir na páirtithe agus rannchuidiú leo, lena n-áirítear trí thograí a chur ar aghaidh thar ceann an Aontais agus i gcomhréir lena bheartas seanbhunaithe comhdhlúite i gcomhthéacs na caibidlíochta sin;

(f) a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith i láthair i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta;

(g) rannchuidiú le bainistiú géarchéime agus luathrabhadh;

(h) rannchuidiú le cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta ar tháinig na páirtithe orthu agus dul i mbun idirphlé leo trí bhíthin taidhleoireachta i gcás nach gcomhlíontar téarmaí na gcomhaontuithe sin;

PUBLIC

(i) rannchuidiú le hiarrachtaí polaitiúla ar réiteach inbhuanaithe a chur chun cinn don todhchaí i Stráice Gaza, ar cuid lárnach é de Stát Palaistíneach a bheidh ann amach anseo, chun tacú le hÚdarás na Palaistíne filleadh ar Gaza, lena n-áirítear trí phlé idir Iosrael agus Údarás na Palaistíne a éascú, agus chun iarrachtaí daonnúla a chur chun cinn;

(j) idirphlé cuiditheach a dhéanamh le sínitheoirí comhaontuithe faoi chuimsiú an phróisis síochána chun comhlíonadh noirm bhunúsacha an daonlathais a chur chun cinn, lena n-áirítear urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta, do chearta an duine agus don smacht reachta;

(k) tograí a dhéanamh maidir le hidirghabháil an Aontais sa phróiseas síochána agus maidir leis an mbealach is fearr chun tionscnaimh an Aontais agus iarrachtaí leanúnacha an Aontais a bhaineann leis an bpróiseas síochána a shaothrú, amhail rannchuidiú an Aontais le hathchóirithe Palaistíneacha agus an Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun réiteach an dá stát a chur chun feidhme, agus lena n-áirítear gnéithe polaitiúla de thionscadail ábhartha forbartha an Aontais;

(l) tabhairt ar na páirtithe staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha a chuireann inmharthanacht réiteach an dá stát i mbaol, go háirithe sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, lena n-áirítear an beartas lonnaíochtaí, gríosú chun foréigin agus fuathchaint;

PUBLIC

(m) rannchuidiú le cur chun feidhme bheartas an Aontais um chearta an duine i gcomhar le ISAE um Chearta an Duine, lena n-áirítear Treoirlínte an Aontais maidir le cearta an duine, go háirithe Treoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha chomh maith leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus gach cineál idirdhealaithe ina n-aghaidh a chomhrac, agus beartas an Aontais maidir le Rún 1325 (2000) ó CSNA maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil;

(n) cur le tuiscint agus infheictheacht níos fearr ar ról an Aontais i measc ceannairí tuairimíochta sa réigiún;

(o) idirphlé a dhéanamh le hionadaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear mná agus daoine óga, mar aon leo siúd a bhfuil baint acu le bearta chun muinín a chothú idir na páirtithe.

2. Tacóidh ISAE le hobair an Ardionadaí, agus coimeádfaidh sé nó sí forléargas ar ghníomhaíochtaí uile an Aontais sa réigiún a bhaineann le Próiseas Síochána an Mheánoirthir san am céanna.

*Airteagal 4*

*An sainordú a chur chun feidhme*

1. Beidh ISAE freagrach as an sainordú a chur chun feidhme, ag gníomhú dó nó di faoi údarás an Ardionadaí.

PUBLIC

2. Maidir leis an gCoiste Polaitiúil agus Slándála coimeádfaidh sé nasc pribhléideach le ISAE ar bun agus is é a bheidh mar phríomhphointe teagmhála ISAE sa Chomhairle. Soláthróidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála treoir straitéiseach agus stiúradh polaitiúil do ISAE faoi chuimsiú an tsainordaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

3. Áiritheoidh ISAE gníomhaíocht agus comhar rialta, córasach, críochnúil agus soiléir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis na ranna ábhartha di.

4. Tabharfaidh ISAE faoi chuairteanna rialta ar an réigiún agus áiritheoidh sé nó sí go mbeidh dlúthchomhar ann le toscaireachtaí ábhartha an Aontais ar fud an réigiúin, lena n-áirítear Oifig Ionadaí an Aontais in Iarúsailéim, Toscaireacht an Aontais in Tel Aviv agus, tríothu sin, le hionadaíochtaí taidhleoireachta na mBallstát.

*Airteagal 5*
*Maoiniú*

1. Is é EUR 1 368 570,22 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an sainordú ('an caiteachas') don tréimhse ón 2 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026 a chumhdach.

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Beidh bainistiú an chaiteachais faoi réir conradh idir ISAE agus an Coimisiún. Is don Choimisiún a bheidh ISAE cuntasach as gach caiteachas.

*Airteagal 6*

*Comhdhéanamh fhoireann ISAE*

1. Laistigh de theorainneacha an tsainordaithe agus de na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha a chuirfear ar fáil, beidh ISAE freagrach as foireann a chur le chéile. Áireofar ar fhoireann ISAE an saineolas maidir le saincheisteanna sonracha beartais de réir mar a cheanglaítear leis an sainordú. Coinneoidh ISAE an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas in am agus i dtráth faoi chomhdhéanamh na foirne.

2. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí de chuid an Aontais agus SEGS a mholadh go mbeadh pearsanra ar iasacht ag obair ar fhoireann ISAE. Is iad an Ballstát tionscnaimh, institiúid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, de réir mar is iomchuí, a chumhdóidh tuarastail an phearsanra sin atá ar iasacht. Féadfar saineolaithe atá ar iasacht ó na Ballstáit chuig institiúidí an Aontais nó chuig SEGS a thabhairt ar iasacht chun oibriú le foireann ISAE freisin. Beidh náisiúntacht Bhallstáit ag an bpearsanra idirnáisiúnta ar conradh.

3. Is faoi údarás riaracháin an Bhallstáit tionscnaimh, institiúid an Aontais lena mbaineann nó SEGS a fhanfaidh an pearsanra uile ar iasacht agus comhlíonfaidh siad a ndualgais agus feidhmeoidh siad chun leas an tsainordaithe.

4. Comhlonnófar foireann ISAE le roinn ábhartha SEGS, le Toscaireacht an Aontais in Tel Aviv agus le hOifig Ionadaí an Aontais in Iarúsailéim chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú.

PUBLIC

*Airteagal 7*

*Pribhléidí agus díolúintí ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE*

Déanfar na pribhléidí, díolúintí agus ráthaíochtaí breise a bhaineann le ISAE agus le foireann ISAE is gá le haghaidh chomhlánú agus dhea-fheidhmiú shainordú ISAE a chomhaontú leis na páirtithe óstacha, de réir mar is iomchuí. Deonóidh na Ballstáit agus SEGS gach tacaíocht is gá chun na críche sin.

*Airteagal 8*

*Slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais*

Urramóidh ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE na prionsabail slándála agus íoschaighdeáin arna mbunú le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle[2].

*Airteagal 9*

*Rochtain ar fhaisnéis agus tacaíocht lóistíochta*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún, SEGS agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dtabharfar rochtain do ISAE ar aon fhaisnéis ábhartha.

2. Soláthróidh Toscaireachtaí an Aontais sa réigiún agus na Ballstáit tacaíocht lóistíochta do ISAE agus do chomhaltaí fhoireann ISAE de réir mar is iomchuí.

---

[2] Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/488/oj).

*Airteagal 10*

*Slándáil*

I gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V den Chonradh, déanfaidh ISAE gach beart is féidir le réasún, i gcomhréir leis an sainordú agus ar bhonn staid na slándála i réimse na freagrachta, i ndáil le slándáil an phearsanra uile atá faoi údarás díreach ISAE, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) plean slándála sonrach a bhunú bunaithe ar threoir ó SEGS, lena n-áirítear bearta slándála sonracha fisiciúla, eagraíochtúla agus nós imeachta, lena rialaítear bainistiú ar ghluaiseacht shlán pearsanra chuig an réimse freagrachta agus laistigh de, chomh maith le bainistiú teagmhas slándála agus plean teagmhais agus aslonnaithe misin;

(b) a áirithiú go gcumhdófar an pearsanra uile a imscartar lasmuigh den Aontas le hárachas ardriosca mar a cheanglaítear leis na coinníollacha i réimse na freagrachta;

(c) a áirithiú go mbeidh oiliúint slándála iomchuí faighte ag an bpearsanra uile a bheidh le himscaradh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear pearsanra ar conradh go háitiúil, roimh theacht isteach i réimse na freagrachta nó ar theacht isteach sa réimse sin dóibh, bunaithe ar na rátálacha riosca arna sannadh ag SEGS don réimse sin;

(d) a áirithiú go ndéanfar na moltaí comhaontaithe uile, a dhéantar tar éis measúnuithe rialta slándála, a chur chun feidhme agus tuarascálacha i scríbhinn a sholáthar don Ardionadaí, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna slándála eile faoi chuimsiú na dtuarascálacha rialta ar dhul chun cinn agus na tuarascála cuimsithí críochnaithí ar chur chun feidhme an tsainordaithe dá dtagraítear in Airteagal 15.

PUBLIC

*Airteagal 11*

*Tuairisciú*

Soláthróidh ISAE tuarascálacha go tráthrialta don Ardionadaí. Cuirfidh ISAE tuarascáil faoi bhráid an Choiste Polaitiúil agus Slándála agus, de réir mar is gá, faoi bhráid mheithleacha de chuid na Comhairle freisin. Scaipfear tuarascálacha tráthrialta trí líonra COREU. Cuirfear SEGS go hiomlán ar an eolas i gcónaí. Féadfaidh ISAE tuarascálacha a sholáthar don Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. I gcomhréir le hAirteagal 36 den Chonradh, féadfaidh ISAE a bheith bainteach le faisnéis a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa.

PUBLIC

*Airteagal 12*

*Rochtain ar dhoiciméid agus cosaint sonraí*

1. Cuirfidh ISAE na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] i bhfeidhm, mar aon leis na rialacha cur chun feidhme ábhartha arna nglacadh ag an Ardionadaí.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

2. Déanfaidh ISAE daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil a sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], mar aon leis na rialacha cur chun feidhme ábhartha arna nglacadh ag an Ardionadaí.

PUBLIC

*Airteagal 13*

*Comhordú*

1. Rannchuideoidh ISAE le haontacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus cabhróidh ISAE lena áirithiú go ndéanfar ionstraimí uile an Aontais agus gníomhaíochtaí uile na mBallstát a shaothrú go comhsheasmhach, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Iarrfar idirchaidreamh leis na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Déanfar gníomhaíochtaí ISAE a chomhordú le gníomhaíochtaí SEGS agus sheirbhísí an Choimisiúin. Soláthróidh ISAE seisiúin faisnéise rialta do thoscaireachtaí an Aontais agus d'ionadaíochtaí taidhleoireachta na mBallstát, lena n-áirítear Oifig Ionadaí an Aontais in Iarúsailéim agus Toscaireacht an Aontais in Tel Aviv.

---

4 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

2. Ar an láthair, coinneofar dlúthchaidreamh le cinn ábhartha mhisin na mBallstát, le cinn thoscaireachtaí an Aontais agus le cinn mhisin an chomhbheartais slándála agus cosanta. Déanfaidh siad gach iarracht cúnamh a thabhairt do ISAE agus an sainordú á chur chun feidhme acu. Déanfaidh ISAE, i ndlúthchomhar le ceann Thoscaireacht an Aontais in Tel Aviv agus Oifig Ionadaíochta an Aontais in Iarúsailéim, treoir pholaitiúil áitiúil a sholáthar do cheannairí Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) agus do Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EUBAM Rafah). Déanfaidh ISAE idirchaidreamh freisin le gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar an láthair.

*Airteagal 14*

*Cúnamh i ndáil le héilimh*

Tabharfaidh ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE cúnamh chun freagairt ar aon éilimh agus oibleagáidí a eascraíonn as sainorduithe ISAEnna a bhí ann roimhe seo do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir, agus tabharfaidh siad cúnamh riaracháin agus rochtain ar na doiciméid ábhartha chun na gcríoch sin.

PUBLIC

*Airteagal 15*

*Athbhreithniú*

Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas leis an réigiún. Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid an Ardionadaí, na Comhairle agus an Choimisiúin agus tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 28 Feabhra 2026.

*Airteagal 16*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC